# Polasaí Iontrála Scoil Cholmcille

Baile na hAbhann, Co na Gaillimhe.

Fón 091-572039

Ríomh phost: scoilcholmcille@gmail.com

**Uimhir Rolla 12946G**
**Pátrún na scoile  An t-Easpag Breandán Ó Ceallaigh**

**Réamhrá**

Comhlíonann an Polasaí Iontrála seo ceanglais an Achta Oideachais 1998, an Achta Oideachais (Iontráil i Scoileanna) 2018 agus an Achta um Stádas Comhionann 2000. Agus an polasaí seo á dhréachtú, chuaigh Bord Bainistíochta na scoile i gcomhairle le foireann na scoile, le pátrún na scoile agus le tuismitheoirí na scoile.

D'fhaomh an pátrún scoile an polasaí ar an 11ú Bealtaine 2020. Cuirfear ar fáil i gcóip chrua é ar iarratas d'aon duine a iarrann agus beidh sé foilsithe ar shuíomh gréasáin na scoile nuair a bheas sé againn.

Cuireann an Bord Bainistíochta in iúl do thuismitheoirí a roghnaíonn an scoil dá leanaí, iad a thabhairt chun na scoile mar chuid den chóras iontrála ar lá áirithe sa triú téarma sa scoilbhliain sula dtosaíonn na gasúir. Líontar foirm iontrála faoi leith i Mí Mheán Fhómhair 'chuile bhliain, le sonraí na ngasúr a choinneáil suas chun dáta.

**Spiorad sainiúil agus cuspóirí ginearálta na scoile**

**Aidhmeanna**

Bunscoil náisiúnta lán-Ghaelach faoi phátrúnacht an t-Easpag Ó Ceallaigh is ea Scoil Cholmcille.
Ciallaíonn 'éiteas Caitliceach' éiteas agus spiorad sainiúil na  hEaglaise Caitlicí Rómhánaí, a chuireann chun cinn :

1. Forbairt iomlán na bpáistí – idir intleachtúil, mhothálach, fhisiciúil, spioradálta , aeistéitiúil agus shóisialta
2. Gaol beo le Dia agus le daoine eile
3. Fealsúnacht saoil bunaithe ar chreideamh i nDia agus ar shaol , ar bhás agus ar aiséirí Íosa ; agus

4. Oiliúint na ndaltaí sa gcreideamh Caitliceach

Cuirfimid oideachas reiligiúnda ar fáil do na páistí de réir theagasc, chleachtais agus thraidisiúin na hEaglaise Caitlicí Rómhánaí agus /nó de réir mar a leagan Comhdháil Easpag na hÉireann amach.

Is bunscoil Gaeltachta í Scoil Cholmcille ina bhfuil soláthar oideachais ar ard-chaighdean trí mhéan na Gaeilge comhtháite le hoidhreacht cultúrtha na hÉireann agus éiteas láidir Caitliceach. Is í fealsúnacht na scoile ná na t-oideachas sin a sholáthar in atmasfear ceannasach fite fuaite le comh-mheas. Mol an óige agus tiocfaidh sí!

Bunaíodh an scoil sa bhliain 1969 leis na haidhmeanna seo a leanas:

(a)Cónascadh a dhéanamh idir Scoil Nioclás Naofa i nGleann Ac'Muirinn agus Scoil Cholmcille na nDoireadh.

(b)Bunoideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do dhaltaí as teaghlaigh gurb í an Ghaeilge an ghnáth-theanga iontu;
(c)Bunoideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do dhaltaí eile agus a chur ar a gcumas bheith ina gcainteoirí líofa Gaeilge;

Is bunscoil Chaitliceach í Scoil Cholmcille. De bharr spreagadh ó shaol agus ó theagasc Íosa Críost, cuirimid romhainn luachanna Caitliceach agus déantar iarracht i gcónaí na luachanna sin a fhorbairt. Dá chomhartha sin, cuirimid romhainn atmaisféar cothrom, tuisceanach bunaithe ar an soiscéal, éiteas na hEaglaise agus teagasc Críostaí.

Déanann muid cinnte;

- Atmaisféar Críostúil a chruthú, le onóir chuig Dia,
- go mbeadh an creideamh le mothú tríd an scoil,
- siombailí Chríost a thaispeáint sa scoil.
- go bhfuil meas ar gach duine i bpobal na scoile,
- Freagracht na dtuismitheoirí ó thaobh an Teagasc Críostaí a shoiléiriú,
- An nasc idir an scoil, an baile agus an paróiste a aithint agus a fhorbairt.

De réir S.15 (2) (b) den Acht Oideachais 1998, seasfaidh Bord Bainistíochta na scoile le, agus beidh sé freagrach don phátrún as, spiorad sainiúil na scoile de réir na luachanna cultúrtha, oideachasúla, mórálta, reiligiúnda , sóisialta, teangúla agus spioradálta a threoraíonn chuspóirí agus reachtáil na scoile.

Mar chuid den seirbhís a chuireann an scoil ar fáil do thuismitheoirí a theastaíonn a gcuid gasúir a thógáil sa gcreideamh Caitliceach sin, bíonn ranganna teagasc Críostaí a leanann curaclam a threasnaíonn na hábhair eile;

- Meas agus cúram don domhan cruthaithe,
- Tuiscint ar an duine pearsanta, mórálta, fisiciúil, spioradálta, siceolaíoch, grámhar, speisialta agus uathúil.
- Ealaín,ceol,an focal scríofa,drámaíocht
- Cultúr,stair,traidisiún.

Fáilteofar roimh chuile pháiste isteach sa scoil i gconaí. Mura bhfuil tuismitheoirí ag iarraidh go nglacfadh a bpáiste páirt sa rang, tabharfaidh an múinteoir ranga obair fheiliúnach le deánamh don pháiste. Is féidir leis an páiste an obair seo a dhéanamh go neamhspleach sa rang faoi threoir an mhúinteora.

**Ráiteas maidir le hIontráil**

Ní dhéanfaidh Scoil Cholmcille idirdhealú maidir le dalta a ligean isteach i scoil ar bhonn aon cheann díobh seo a leanas:

(i) inscne an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
(ii) stádas sibhialta an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
(iii) stádas teaghlaigh an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
(iv) gnéaschlaonadh an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
(v) reiligiún an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
(vi) bunús mhíchumas an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
(vii) cine an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
(viii) dalta nó iarratasóir ó phobal an lucht siúil i leith an dalta lena mbaineann, nó
(ix) riachtanais speisialta oideachais a bheith ag an dalta nó ag an iarratasóir i leith an dalta lena mbaineann.

De réir Alt 61 (3) den Acht Oideachas 1998, forléireofar 'foras stádais shibhialta', 'foras míchumais', 'leithcheal', 'foras stádas teaghlaigh', 'foras inscne', 'foras cine', 'foras reiligiúin', 'foras gnéaschlaonta' agus 'foras pobail Taistil' de réir alt 3 den Acht um Stádas Comhionann 2000.

**Gach scoil shainchreidmheach**

Is scoil í Scoil Cholmcille arb é an cuspóir atá aici oideachas a sholáthar i dtimpeallacht a chuireann luachanna reiligiúnacha áirithe chun cinn agus ní dhéanann sí idirdhealú i gcás nuair a dhiúltaíonn sí cead isteach do dhalta nach Caitliceach é/í agus cruthaítear go bhfuil an diúltú riachtanach chun éiteas na scoile a choinneáil.

**<u>Na catagóirí de Riachtanais Speisialta Oideachais a ndéantar freastal orthu sa scoil/sa rang speisialta</u>**

Bunaíodh an Rang speisialta Uathachais i Scoil Cholmcille i mí Lúnasa 2013 faoi chúram an Roinn Oideachais agus Scileanna. Ofráileann an rang Speisialta i Scoil Cholmcille,seirbhís oideachas speisialta do pháistí a bhfuil diognóis iomlán uathachais faighte acu.

Má tá na folúntais ar fad sa rang speisialta líonta(seisear páiste/1 múinteoir an uasmhéid), cuirfear na páistí eile ar liosta feithimh.

Is féidir páistí atá ag feithimh le diagnóise nó atá diagnóise de uathachais faighte acu atá sa cheantar dul ar an liosta feithimh fiú má tá siad faoin aois don bhunscoil mar atá leagtha síos ag an Roinn. Tabharfar ansin tosaíocht do pháistí atá níos sine agus a bhfuil gá áit sa rang.

I gcás leanaí le riachtanais speisialta lorgóidh an Bord Bainistíochta cóipeanna de thuairiscí ó dhochtúirí / síceolaithe &rl. i leith an linbh. Muna bhfuil a leithéid de thuairiscí faighte cheana féin tuigtear go ndéanfaidh síceolaí/dochtúir measúnú ar an bpáiste chomh luath agus is féidir. 'Sé an aidhm atá le seo ná chun cabhrú leis an scoil freastal go caoi ar riachtanais an linbh i.e. tacaíocht bhreise a chur ar fáil don leanbh le cead na Roinne Oideachais & Scileanna & plean pearsanta oibre a leagadh amach don leanbh más gá a leithéid sin.

Déanfaidh an Bord cinneadh faoin tslí ina bhfreastalódh an scoil ar na riachtanais a bheidh luaite ar an dtuairisc a luaithe agus a fhaigheann sé a leithéid. Más é tuairim an Bhoird go mbeidh tuilleadh cabhrach ag teastáil san scoil chun freastal ar na riachtanais faoi mar atá leagtha síos san tuairisc lorgófar an tacaíocht caoi (msh. múinteoir acmhainne, múinteoir tacaíochta, cúntóir speisialta, múinteoir taistil, troscán ar leith, áis foghlama éigin, córas iompair &rl)ón Roinn Oideachais & Eolaíochta.

Buailfidh an príomh oide (nó ionadaí on scoil) leis na tuismitheoirí chun riachtanais an linbh a phlé agus chun cumas na scoile i leith freastal ar na riachtanais sin a mhíniú /a phlé. I gcásanna áirithe dár ndóigh bheadh gá le mór chruinniú idir tuismitheoirí an linbh & an príomh oide, an múinteoir ranga, an múinteoir tacaíochta, an síceolaí, an cúntóir speisialta &rl.

Uaireanta beidh ar an mBord fanacht ar feadh tréimhse chun an leanbh a chlárú go dtí go mbeidh :

* teacht ar an dtuairisc scríofa ón síceolaí &rl

* an tacaíocht caoi faighte ón Roinn Oideachais & Eolaíochta chun freastal ar riachtanais an linbh faoi mar a luaitear ar an dtuairisc on síceolaí / dochtúir &rl

**Daltaí a ligean isteach:**

Is féidir le leanaí teacht chun na scoile ag am ar bith ag brath ar chúrsaí spáis & cead na Roinne Oideachais & Scileanna.

Má tá dalta ag athrú ó scoil eile, tá sé de dhualgas ar an mBord Bainistíochta cuntas tinrimh an linbh a sheoladh go dtí an scoil eile & tuairisc ar dhul chun cinn an linbh a sheoladh ina theannta sin (cead an tuismitheora riachtanach don tuairisc ar dhul chun cinn an linbh) de réir an Acht Oideachais (Leas) (2000).

Tá sé molta gur ag tús téarma a bheadh aon phaiste nua ag tosnú.

**<u>Farasbarr páistí don scoil</u>**

Má tharlaíonn go mbíonn farasbarr páistí do na h-áiteacha sa scoil cuirfear na coinníollacha seo leanas san áireamh.

- Tabharfar tús áite má tá deartháir/deirfiúr níos sine sa scoil.
- De réir aoise, glacfar leis na gasúir is sine ar dtús.

## <u>**An méid nach mbreithneofar ná nach gcuirfear san áireamh**</u>

De réir alt 62(7)(e) den Acht Oideachais 1998, ní dhéanfaidh an scoil aon cheann díobh seo a leanas a bhreithniú ná a chur san áireamh agus iarratais ar chead isteach á gcinneadh nó nuair a bhíonn dalta á c(h)ur ar liosta feithimh le haghaidh iontrála sa scoil.

- *freastal roimh ré ag dalta ar réamhscoil nó ar sheirbhís réamhscoile, lena n-áirítear naíonraí,*
- *íocaíocht táillí nó ranníocaíochtaí (cibé slí a dtuairiscítear é) leis an scoil;*
- *cumas, scileanna nó inniúlacht acadúil an dalta seachas de réir fhorálacha alt 62(9) den Acht*
- *ceanglas go bhfreastalóidh dalta, nó a t(h)uismitheoirí ar agallamh, lá oscailte nó cruinniú eile mar choinníoll iontrála;*
- *ceangal dalta leis an scoil de bhua duine dá t(h)eaghlach nó dá teaghlach ag freastal ar an scoil nó a bhí ag freastal ar an scoil roimhe sin;*
  *seachas, i gcás siblingí dalta a fhreastalaíonn ar an scoil nó a d'fhreastail ar an scoil de réir mar atá leagtha amach thuas.*
  - *an dáta agus an t-am ar ghlac an scoil le hiarratas iontrála.*

**Ag Déanamh Cinneadh:**

Déanfar an cinneadh de réir polasaí na scoile maidir le clárú na bpáistí sa scoil. De réir an Acht Oideachais (Leas) (2000) cuirfidh an Príomhoide scéala faoin gcinneadh chuig na tuismitheoirí laistigh de 21 lá ach má bhíonn spás sa scoil cuirtear seo in iúl do na tuismitheoirí ar an lá a líontar an fhoirm iontrála.

Cloífidh an Bord Bainistíochta le treoracha na Roinne Oideachais & Eolaíochta maidir le líon na bpáistí i ngach rang, líon na múinteoirí sa scoil., riachtanais spáis & cúrsaí slándála go ginearálta.

Tá an Bord Bainistíochta teoranta ag Rialacha na Bunscoile de réir na Roinne Oideachais & Eolaíochta a léiríonn nach féidir páiste a chlárú go dtí go mbíonn siad ceithre bliana d'aois. (níl freastal éigeantach go dtí go mbíonn leanbh sé bhliana d'aois)

**Cúinsí nach féidir tairiscintí a dhéanamh nó ar féidir tairiscint a tharraingt siar dá mbarr.**

Ní féidir le Scoil Cholmcille tairiscint iontrála a dhéanamh, nó is féidir tairiscint a tharraingt siar, sna cásanna a leanas:

a) déantar amach go bhfuil an fhaisnéis atá san iarratas bréagach nó míthreorach.
b) teipeann ar iarratasóir glacadh le tairiscint iontrála ar nó roimh an dáta atá leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil na scoile.
c) má theipeann ar thuismitheoir dalta, nuair a éilíonn an príomhoide é de réir alt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, a dhearbhú i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha dó nó di agus go ndéanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an dalta an cód sin; nó
d) teipeann ar iarratasóir riachtanais a chomhlíonadh chun 'glacadh le tairiscint' mar atá leagtha amach in alt 10 thuas.

**Sonraí a roinnt le scoileanna eile**

Ba chóir d'iarratasóirí a bheith feasach go gceadaítear le hAlt 66(6) den Acht Oideachas (Iontráil Scoileanna), 2018 comhroinnt sonraí idir scoileanna d'fhonn iontráil éifeachtach daltaí a éascú.

**Liosta feithimh i gcás farasbarr-iarratais**

I gcás go mbeidh níos mó iarratas ar an scoilbhliain lena mbaineann ná na háiteanna atá ar fáil, tiomsófar liosta feithimh de dhaltaí nár éirigh lena n-iarratas ar iontráil chuig Scoil Cholmcille mar gheall ar ró-éileamh ar an scoil agus beidh siad bailí don scoilbhliain ina bhfuil cead isteach á lorg.

Tá socrúchán ar liosta feithimh Scoil Cholmcille san ord tosaíochta a shanntar d'iarratais na ndaltaí tar éis don scoil na critéir roghnúcháin a chur i bhfeidhm de réir an pholasaí iontrála seo.

Déanfar tairiscintí maidir le haon áiteanna ina dhiaidh sin a bheidh ar fáil don scoilbhliain agus lena linn a bhfuil cead isteach á lorg ina leith maidir leis na daltaí sin ar an liosta feithimh, de réir an oird tosaíochta ar cuireadh na daltaí ar an liosta.

**Iarratais Dhéanacha**

Breithneofar agus déanfar cinneadh ar gach iarratas ar chead isteach a fhaightear tar éis an dáta deiridh mar atá leagtha amach san fhógra iontrála bliantúil de réir pholasaí iontrála ár scoile, de réir an Achta um Iontrálacha Scoile 2018 agus de réir aon rialacháin a rinneadh faoin Acht sin.

**Nósanna imeachta maidir le daltaí a ligean isteach i mblianta eile agus le linn na scoilbhliana**

**An Lá a chuirtear an Páiste ar an Rolla:**

De gnáth glactar le páistí ins an scoil ar an 1ú lá de Mheán Fómhair nó an chéad lá arais sa scoilbhliain nua. Beidh an Bord solúbtha i leith seo & oscailte glacadh le páiste ag am ar bith i rith na bliana ag braith ar an gcás áirithe. Is ag tús chuile théarma a mholtar d'aon phaiste nua tosnú.

**Dearbhú maidir le gan táillí a ghearradh**

Ní ghearrfaidh bord Scoil Cholmcille ná aon duine a ghníomhaíonn thar a ceann táillí ar íocaíocht nó ní lorgeoidh sé nó sí íocaíocht ná ranníocaíocht (cibé slí a dtuairiscítear) mar choinníoll de -

(I) iarratas ar dhalta a ligean isteach sa scoil, nó

(II) iontráil nó clárú leanúnach dalta sa scoil.

**Socruithe maidir le daltaí nach bhfreastalaíonn ar Theagasc Criostaí**

Fáilteofar roimh chuile pháiste isteach sa scoil i gconaí. Mura bhfuil tuismitheoirí ag iarraidh go nglacfadh a bpáiste páirt sa rang, tabharfaidh an múinteoir ranga obair fheiliúnach le deánamh don pháiste. Is féidir leis an páiste an obair seo a dheánamh go neamhspleach sa rang faoi threoir an mhúinteora.

**An ceart chun athbhreithnithe/achomhairc**

Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta

Féadfaidh tuismitheoir mac léinn iarraidh ar an mbord athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh áit sa scoil a dhiúltú. Ní mór iarratais den gcineál sin a dhéanamh de réir Alt 29C den Acht Oideachais 1998.

Tá an t-amlíne ina gcaithfear athbhreithniú den gcineál sin a iarraidh agus na ceanglais eile a bhaineann maidir le hathbhreithnithe den gcineál sin leagtha amach sna nósanna imeachta arna gcinneadh ag an Aire faoi alt 29B den Acht Oideachais 1998 atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Déanfaidh an Bord athbhreithnithe den gcineál sin de réir na nósanna imeachta a rialaítear faoi Alt 29B i gcomhair le Alt 29C den Acht Oideachais 1998.

**Tabhair faoi deara:** Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, ní mór don iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998.

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chúis seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, féadfaidh an t-iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998.

## Ceart achomhairc

Faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998, féadfaidh tuismitheoir mac léinn achomharc a dhéanamh ar chinneadh na scoile seo áit sa scoil a dhiúltú.

Is féidir achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 (1)(c)(i) den Acht Oideachais 1998 sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil.

Is féidir achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 (1)(c)(i) den Acht Oideachais 1998 sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chúis seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil.

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, **ní mór** don iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh **roimh achomharc a dhéanamh** faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998. (féach Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta)

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chás seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, féadfaidh an t-iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998. (féach Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta)

Déanfar achomhairc faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998 a mheas agus a chinneadh ag coiste neamhspleách achomhairc arna cheapadh ag an AIre Oideachais agus Scileanna.

Tá an t-amlíne ina gcaithfear achomharc den gcineál sin a iarraidh agus na ceanglais eile a bhaineann maidir le hachomhairc den gcineál sin leagtha amach sna nósanna imeachta arna gcinneadh ag an Aire faoi alt 29B den Acht Oideachais 1998 atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.